




1. Oíche amháin, chuaigh mé féin agus mo chairde chuig bialann 'Pasta Blasta'. Bhí an freastalaí deas, cairdiúil. Bhí tábla réidh aige in aice leis an fhuinneog.



2. D'fhéach muid ar an bhiachlár chun béile a phiocadh. Bhí ocras an domhain orainn. Bhí mé ag féachaint thart agus chonaic mé fón póca ar an urlár faoin fhuinneog.



3. Phioc mé suas an fón agus chuaigh mé chuig an freastalaí. **Mhínigh mé leis** go bhfuair mé an fón ar an urlár agus nach raibh a fhios agam cé leis é.



4. D'ith muid an béile agus bhí sé go blasta. Thaitin an píotsa go mór linn. Nuair a bhí muid críochnaithe ag ithe, rith fear isteach ag lorg a fhóin.



5. Thug an freastalaí an fón dó agus dúirt sé leis gur thug mise isteach é. Bhí an fear **iontach go deo** sásta. Dúirt sé linn go raibh sé iontach buartha mar bhí an fón **an-tábhachtach** dá obair.



6. Cheannaigh an fear mílseog dúinn **mar bhuíochas**. D'ith muid uachtar reoite agus bhí sé galánta. Bhí áthas an domhain orainn go raibh muid **ábalta cuidiú** leis an fhear.